**Scéim um Ceannach Tí Inacmhainne**
**Prionsabal Tús Nua**

Baineann an prionsabal 'Tús Nua' le hiarratais ar scéimeanna tithíochta inacmhainne. Leis an prionsabal Tús Nua, is féidir le na daoine seo a leanas a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh ar thithíocht inacmhainne:

1. Iarratasóir(í) a cheannaigh nó a thóg maoin chónaithe roimhe seo ach atá colscartha, scartha nó a bhfuil deireadh tagtha lena ndlúth-chaidreamh, agus a d'fhág an réadmhaoin. Seo a leanas samplaí d'fhianaise dhoiciméadach. :

- Comhaontú Idirscartha
- Ordú Cúirte
- Mionnscríbhinn ó Aturnae a dheimhníonn an scaradh nó an colscaradh.

2. Iarratasóir(í) a cheannaigh nó a thóg maoin chónaithe roimhe seo, ach a díshealbhaíodh iad trí imeachtaí dócmhainneachta nó féimheachta I measc na samplaí d'fhianaise dhoiciméadach, áirítear:

- Litir ó Aturnae ina ndearbhaítear go bhfuil an t-iarratasóir tar éis éirí as dócmhainneacht nó féimheacht agus gur díoladh aon teaghais a ceannaíodh roimhe seo nó gur dhífheistiú siad go hiomlán as an teaghais sin mar thoradh ar an bpróiseas sin.

3. Iarratasóir(í) a raibh úinéireacht tairbhiúil aige/aici roimhe seo, a bhí i dteideal teaghais sa Stát nó a bhfuil leas aige nó aici agus nach bhfuil an teaghais seo, mar gheall ar a méid, in oiriúint do riachtanais chóiríochta reatha theaghlach an iarratasóra i.e. go raibh an teach ró-phlódaithe.